# ‘A Neansaí ‘mhíle grá’

## *Liricí*

A Neansaí, a mhíle grá, a bhruinneall 'tá gan smál
Go bhfeice mise an t-ádh 'gus an séan ort
Ba ghile do dhá láimh ná cúr geal na trá
Ná an eala 's í a' snámh ar an Éirne
Is glaise liom do shúil ná braon beag den drúcht
Is binne liomsa thú ná na téadaí
'S mura n-éalaí tusa liomsa titfidh mé i lionndubh
's cuirfear insa chill 'do dhiaidh mé

Is iomaí sin guth mná a chluinimse i ngach aird
Abhus agus taobh thall den Éirne
Go Corcaigh na gCuan, go Béal Ath' na Slua
'Sí Neansaí 'thug an bua ar an méid sin
A Mhuire 'gus a Dhia, nárbh aoibhinn deas ár saol
Dá mbeinnse agus í le chéile?
Tráthnóna aoibhinn ciúin, ó mise 'gus mo rún
Ag cogarnaíl in uaigneas sléibhe

Beir litir uaimse suas chuig Neansaí chaoin na gcuach

Is aithris di gur buartha atá mé

Aithris di arís nach gcodlaím fhéin aon oíche

Le harraing atá trí mo thaobh deas

Aithris é dá súil, aithris é dá cúl

Aithris é dá méin mhaith chéillí

Aithris é dá ceann 's dá béilín atá binn

Gur ghiorraigh sí go cinnte mo laetha'

Gur ghiorraigh sí go cinnte mo laetha'

## Pointí Spéise

Is caoineadh Éireannach é an t-amhrán.

Is é grá príomhthéama an amhráin.

Is é buairt an mothúchán is láidre san amhrán. Mothaíonn muid brón an liriceora ó na liricí agus iad ag léiriú mhian a chroí, le bheith le Neansaí.

Cuireann an fonn duairce in éineacht leis na liricí an doimhneacht mhothúchánach a bhaineann le ceol Gaelach. Léiríonn sé na mothúcháin atá le brath tríd an amhrán.

Baintear úsáid as leathrainn ríme chun ceol rithimeach a chruthú san amhrán.

# Obair Ranga

An dtaitníonn an ceol leat? Cén sórt ceoil é?

An dtaitníonn na liricí leat? Cén fáth? Cad é an líne nó an véarsa is fearr leat?

Céard é príomhthéama an amhráin seo? Déan plé ar do fhreagra.